# Slí

**Eagrán 4- Iúil 2022**

***'Is Nuachtlitir arlíne é 'Slí' ag cur síos ar agus ag tuairisciú ar chúrsaí ar díol-spéise iad d'áitrítheoirí na nOileán thimpeall ár gcósta.***

**San Eagrán seo:**

- **Suirbhé Tithíochta – ag teacht go gairid**
- **Iarratasóirí ar éirigh leo faoi 'CLÁR na nOileán'**
- **Samplaí den Lóistín atá ar fáil thimpeall na hOileáin**
- **TwinLAG – Clár Comhoibrithe**
- **Ag cur aithne ar ár nOifigeach Áineasa Tuaithe**
- **Agus go leor leor eile**

*Lá iontach ar Oileán Faoide ag oscailt an Ionaid Pobail Nua.*
*Comhghairdeas leis an gCoiste*




Cllr. Patrick Gerard Murphy and Cork Footballer Graham Canty cutting the ribbon on the newly built Community Centre on Whiddy Island, Co. Cork. Also in the photo is Cllr Declan Hurley, chair of the LCDC, Cllr Danny Collins and Danny O'Leary of Whiddy Development, Tim O'Leary, Jimmy O'Leary, Cllr Christy O'Sullivan and Connie O' Leary and members of his community.

Pobal na nOileán, Daonra, Fiontraíocht, Timpeallacht na nOileán, Ceantair Tuaithe, Gaeltacht.
Communities on the Islands, Population, Enterprise, Environment, Rural Areas, Gaeltacht

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and Community Development
Ár dTodhchaí Tuaithe
Our Rural Future

# Suirbhéireacht ar Thithíocht Chomhdháil Oileáin na hÉireann – ag Teacht go Gairid

Is é cuspóir an staidéir seo ná tuairimí agus riachtanaisí chónaitheoirí na n-oileán a fháil amach maidir le staid na tithíochta agus riachtanais tithíochta amach anseo. Tá an taighde á dhéanamh i gcomhpháirtíocht idir **Comdháil Oileáin na hÉireann, Comhar na nOileán agus taighdeoirí ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC).**

**Céard a bheadh i gceist le do rannpháirtíocht?**
Má roghnaíonn tú a bheith rannpháirteach, iarrfar ort ceistneoir suirbhé a chomhlánú, a áireoidh ceisteanna ar do chúinsí tithíochta reatha agus do riachtanais tithíochta amach anseo.

**An bhfuil rogha agam páirt a ghlacadh nó nach bhfuil?**
Tá rannpháirtíocht sa staidéar seo go hiomlán deonach. Níl aon oibleagáid ort a bheith rannpháirteach, agus má roghnaíonn tú é sin a dhéanamh féadfaidh tú diúltú ceisteanna sonracha a fhreagairt nó cinneadh a dhéanamh tarraingt siar ón staidéar roimh an suirbhé a chomhlánú. Beidh an fhaisnéis go léir a chuirfidh tú ar fáil **faoi rún** agus déanfar d'ainm a chosaint le linn an staidéir.

**An féidir liom tarraingt siar ón staidéar?**
Coinníonn tú an ceart tarraingt siar ón staidéar ag aon chéim suas go dtí an pointe a gcuirtear na sonraí isteach.

**Cad a tharlóidh don fhaisnéis a chuirim ar fáil?**
Stórálfar na sonraí gan ainm ar ardán stórála néil ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (Microsoft Teams/Google Drive). Úsáidfear an t-eolas a thugann tú (gan ainm) chun tuairisc a scríobh ar riachtanais tithíochta reatha agus sa todhchaí ar chónaitheoirí oileáin na hÉireann.

**An bhfuil aon tionchair dhiúltacha ag baint le páirt a ghlacadh?**
Nílimid ag súil le haon torthaí diúltacha as páirt a ghlacadh sa staidéar seo. Má tá aon imní ort is féidir labhairt le **Comhar na nOileán - Teil: 099 75096.**

**Tá 4 chatagóir ar an suirbhé faoi láthair:**
1(A) Táim i mo chónaí ar an oileán go lánaimseartha, áit a bhfuil mo phríomháit chónaithe faoi úinéireacht agam féin nó ag mo theaghlach
1(B) Cónaím ar an oileán go lánaimseartha, áit a bhfuil m'áit chónaithe ar cíos agam féin nó ag mo theaghlach
2 Tá saoire / dara teach agam ar an oileán agus níl cónaí orm go lánaimseartha ar an oileán
3 Bhí cónaí orm ar an oileán roimhe seo agus bhog mé uaidh
4 Níor chónaigh mé ar an oileán roimhe seo ach ba mhaith liom, nó is gá dom, bogadh go dtí an oileán.

**Beidh an Suirbhé á sheoladh go gairid ar na meáin shóisialta ar fad agus tré theagmháil pearsanta má tá tú ar ár liosta teagmhálacha.**

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and Community Development
Ár dTodhchaí Tuaithe
Our Rural Future
LEADER
The European Agricultural Fund for Rural Development:
Europe investing in rural areas

# CLÁR – Bhí rannóg ann d'Oileáin i 2022

**Comhghairdeas leis an hOileáin ar éirigh leo**

| Contae | Eagraíocht | Sonraí |
|---|---|---|
| Corcaigh | Bere Island Projects Group CLG | Bus leictreach inrochtana do chathaoir rothaí a mhaoiniú le painéil luchtaithe PV ar an Ionad Pobail €72,693.00 |
| Dún na nGall | Comharchumann Oileán Árainn Mhór CTR | Fál ghalbhánuithe athsholáthair agus geataí do thalamh spóirt ilchuspóireach €18,977.37 |
| Dún na nGall | Comharchumann Thoraí Teo | Fál ag Páirc Spraoi Oileán Thoraí €22,185.00 |
| Dún na nGall | Comharchumann Thoraí Teo | Treallamh aclaíochta do Giom Pobail €22,078.80 |
| Dún na nGall | Comharchumann Thoraí Teo | Plaisteach athchúrsáilte, suíocháin lasmuigh a chur ar fáil ar fud an oileáin le húsáid ag siúlóirí agus rothaithe €24,223.86 |
| Dún na nGall | Arranmore Country Fest | Stáitse soghluaiste don taobh amuigh €5,241.44 |
| Dún na nGall | Comharchumann Thoraí Teo | Soláthar binsí picnice agus suíocháin ar fud an Oileáin €5,241.44 |
| Gaillimh | Coiste Chomhlacht Forbartha Inis Meáin | Ceannach mionbhus hibrideach plug-in, painéil PV, agus pointe luchtaithe plug-in €114,147.00 |
| Gaillimh | Inis Oírr Comhar Caomhán Teo | Feabhsú ar na háiseanna leithris poiblí atá ann cheana féin agus ar an mbonneagar bruscair/athchúrsáil a bhaineann leo €56,814.83 |
| Gaillimh | Comharchumann Forbartha Árann | Ceannaigh leapacha ardaithe, comharthaíocht, trealamh, boscaí bruscair, bord picnic, suíocháin agus TCI €43,098.12 |
| Maigh Eo | Inishturk Community Club CLG | Fál a cheannach chun teorainneacha an chlós súgartha a dhaingniú agus a dhéanamh sábháilte €11,474.60 |
| **Iomlán: 11** | | €412,534.60 |

## Samplaí Iontacha do na Cineálacha Lóistíne do Shaoire atá ar fáil thimpeall na nOileán

***Fág an saol laethúil i do dhiaidh agus tar linn chuig na flaithis ar Domhan le tránna ghainimheach bhána, uiscí soiléire criostail, síocháin agus ciúnas glórmhar.***



*Baile Saoire Árainn Mhór*



*Brú Oileán Faoide*





*Teach Solais Oileán Chliara*

## Lóistín do shaoire thimpeall na nOileán



Wild Atlantic Glamping, An tOileán Mór



Aran Islands Glamping, Inis Mór



Teach Solais, Árainn Mhór




099 75096 ext 108
Mob 083 205 5565
aine@oileain.ie


Comhar na nOileán CTR

Rural Recreation Officer

# ÁINE ANSEO

## TEIDEAL

Oifigeach Áineasa Tuaithe d'Oileáin na hEireann

## CEANTAR

Ag clúdach oileáin in nDún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh & Corcaigh

## CUSPÓIR

Tacú le pobail áitiuil siulóidí & bealaí a fhás agus a chruthú

## AN PLEAN DON TODHCHAÍ

- Aithne a fháil ar na bealaigh,na grúpaí bainistíochta agus muintir na háite
- Smaointí a fháil ar leathnú agus bealaigh nua
- Iarrataisí  a ullmhú chun cur le líon oiléanaigh ar an Scéim Náisiúnta Siúlóide

## EOLAS BREISE

Bíonn seachtainí ióga agus ranganna ióga á eagrú agam go rialta i  nInis Oírr, Árainn trí Ghaeilge

# FAOI

**TWINLAG – Nasctha leis an Eoraip agus ag roinnt deá-chleachtais**




*Mary Lavelle, Oifigeach Tionscnaimh agus rannpháirtí ón Eoraip*

Tá Comhar na nOileán páirteach i dtionscadal comhoibrithe le Grúpaí LEADER eile. Tá an Fhrainc, an Fhionlainn agus Éire seanbhunaithe maidir le LEADER a sheachadadh agus is é an aidhm atá ann cabhrú le daoine nua ar an gClár amhail an Mholdóiv agus an Mhacadóin.

Tá sé mar aidhm ag an Tionscadal nasc a chruthú, níos mó a fhoghlaim faoi na gníomhaithe, na fiontraithe agus na forbróirí agus forbairt ionchasach do chomhoibriú níos fadtéarmaí idir na tíortha seo.
Idir an 16 agus an 19 Samhain thug Mary Lavelle agus Jude Gilbert cuairt ar an Le Pays Vichy-Auvergne Leader Group i Lár na Fraince, mar chuid den tionscnamh comhoibrithe seo. Is í an phríomhaidhm atá acu faoi LEADER ná baile agus faoin tuath a nascadh faoi thionscnaimh éagsúla.

Ba iad na tionscadail ar tugadh cuairt orthu ná:
Tionscadal Óige a chuidíonn le daoine óga post a fháil, dul ar ais chuig an oideachas nó páirt a ghlacadh in eispéireas fíorúil ar cad é mar a bheadh sé a bheith ag obair ina rogha gairme. Úsáideann an tionscadal seo teicneolaíocht i réimse na réaltachta fíorúla.

Thug siad cuairt freisin ar thionscadal a thacaíonn le seirbhísí don phobal i gcoitinne cosúil lenár "Faisnéis do Shaoránaigh" (eolas ar dhlí fostaíochta, cánachas, sláinte, tithíocht agus scoir).

Ag tabhairt aghaidh ar an eisiamh a théann i bhfeidhm ar dhaoine de bhunús tuaithe agus talmhaíochta, bunaíodh Jargins de Cocagne – Arrones in 2006. Is láithreán 6.5 heicteár é a tháirgeann torthaí agus glasraí saor ó cheimiceáin. Léasaíonn na húinéirí talún an talamh ar tháille ainmniúil de 1,200 in aghaidh na bliana agus tugann an Stát tacaíocht dó. Íoctar pá réasúnta leo as a gcuid oibre ansin agus má éiríonn leo bogann siad ar aghaidh go disciplíní oibre eile dá leithéid.

Bhí an Tionscadal deiridh ar tugadh cuairt air ar iar-láithreán míleata 27 heicteár, a díoladh leis an Stát agus atá anois ina Lárionad ECO agus gnólachtaí nuathionscanta i seirbhísí éiceolaíochta. Tá 350 post ar an láthair faoi láthair.
Tá na foirgnimh ar fad feistithe le painéil ghréine agus díoltar an barrachas leictreachais leis an eangach náisiúnta.

Tabharfar cuairteanna eile ar an bhFionlainn agus ar an Mhacadóin in 2022 agus turas fillte ar Éirinn i mí Aibreáin 2023 mar chuid den chlár.



*Mary Lavelle ag cócaireacht. Níl mórán is féidir a mhuineadh do Mhary faoi chúrsaí cócaireachta!*




*Comhghairdeas mór le 3 Oileáin Árann ar an bhfógra a rinne an tAire Jack Chambers do mhaoiniú chun Plean Teanga a chur i bhfeidhm ar 3 Oileáin Árann. Sa bpictiúr tá Micheál Ó Culáin, Príomhoide Coláiste Naomh Éinne, Inis Mór, Árann; Paddy Crowe Iar-Bhainisteoir Comhar Caomhán Teo; Mairéad Ní Fhátharta, Príomhoide Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin; Cathy Ní Ghóill, Bainisteoir Comharchumann Forbartha Árann agus Cathaoirleach Comhar na nOileán; Maggie Seoighe, Inis Mór, Cathaoirleach an Choiste Stiúrtha; Máire Uí Dhufaigh, Inis Oírr, Geraldine Ní Ghóill, Bainisteoir Cúnta Comharchumann Forbartha Árann, Chloe Ní Mháille, Bainisteoir Comhar Caomhán Teo agus (curtha isteach go cliste ag Chloe) Máire Uí Mhaoláin, POF, Comhar na nOileán nach raibh in ann a bheith i láthair ar an lá. Go n-éirí go geal leo.*

# SICAP & Ranganna Ceardaíochta






# Ranganna Cúraim Pearsanta



*Rannpháirtithe ó Oileáin Chorcaí ag tarenáil dífhibrileoir ar Oileán Faoide*



Connaught telegraph



Maude Cullen-Mouze outside Leinster House. Photo: Maxwell Photography

# Young Mayo people speak on climate crisis in Seanad Chamber

**Tá Comhdháil Oileán na hÉireann agus Comhar na nOileán an-bhuíoch agus an-bhródúil as Maude Cullen-Mouze a rinne cur i láthair maidir le cás na nOileán don Chomhchoiste Oireachtais ar chúrsaí Comhshaoil agus Athrú Aeráide le gairid. Seo thíos roinnt pointí as an meid a dúirt sí;**

"Mar oileánaigh, bíonn súil ghéar againn ar an aimsir. Táimid ag brath beagnach go hiomlán ar bháid farantóireachta chun dul isteach agus amach as ár n-oileáin. Mar shampla, chun a bheith in ann labhairt ós comhair an choiste seo inniu thóig mé an bád farantóireachta ó Oileán Chliara inné ag 4:45i.n agus beidh mé ag fáil an bád farantóireachta ar ais tráthnóna inniu ag 8i.n. Dá mba rud é gur chaill mé an bád farantóireachta tráthnóna ní mór dom fanacht go dtí an mhaidin dár gcionn don chéad cheann eile. Tá seachtainí feicthe agam gan fiú bád amháin ag teacht go dtí an ché mar atá leagtha amach sa sceideal. Caithfidh gach éinne agus gach duine a fhágann nó a thagann go dtí an t-oileán é sin a dhéanamh ar bhád farantóireachta, mar sin nuair a chuirtear isteach ar an tseirbhís farantóireachta cuirtear isteach ar chuile ghné de shaol na nOileán.

"Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil na fadhbanna atá ag oileáin bheaga faoi láthair teoranta d'oileáin bheaga. Tar éis an tsaoil, is oileán í Éire agus oileán beag go leor. Níl 'sna hoileáin bheaga ar nós Oileán Chliara ach micreacosma sa mhacracosma atá in Éirinn. Mar náisiún ní mór dúinne freisin gach ábhar nach dtáirgeann muid féin a thabhairt chun na tíre ar aer nó ar muir, níl sé seo ag teacht leis an aidhm maidir le bheith neodrach ó thaobh carbóin dhe agus tá tionchar ag loingseoireacht ar seo chomh maith. Mar sin ní mór dúinn a bheith in ann brath orainn féin agus an méid is féidir a tháirgeadh go háitiúil mar a rinne muintir na n-oileán sula raibh an nasc leis an mórthír chomh h-easca is atá sé anois.

"Tá cónaí ar 40% de mhuintir na hÉireann laistigh de 5km den chósta agus mar sin tá siad an-leochaileach ó thaobh ardú leibhéil na farraige. Tá na hoileáin is ísle i mbaol ach go háirithe. D'fhéadfadh go n-éireodh níos fearr le hoileáin níos sléibhtiúla ar nós Oileán Chliara maidir le ardú leibhéil na farraige ach faoi 2050 de réir réamh-mheastacháin atá déanta ag 'Climate Central' beidh na céibheanna ar na hoileáin faoi uisce go hiomlán. Go deimhin ag seisiún comhairliúchán le déanaí faoin gcéibh ar Oileán Chliara, níor luadh ardú ar leibhéil na farraige – cé go meastar go mbeidh an chéibh faoi bhun leibhéil tuilte taobh istigh de dheich mbliana. Agus tá ardú tagtha ar leibhéil na farraige níos tapúla ná mar a bhí tuartha go háirithe i gcás cathracha. Mar shampla i gcás Chorcaigh bhí 27cm tuartha ach is árdú de 40cm a bhí ann i ndairíre."

"Ar an deá-uair, tá roghanna ann chun éifeachtaí agus bunchúiseanna an athraithe aeráide a mhaolú. Is féidir uisce báistí a bhailiú le haghaidh uisce óil, talmhaíocht a réabhlóidiú agus a dhícharbónú. Agus tá sé ríthábhachtach go dtarlóidh an t-aistriú seo go saol atá neodrach ó thaobh carbóin de go luath. Ní féidir na torthaí a shamhlú muna ndéantar gníomh ar an ngéarchéim seo. Dúirt Príomh-Aire Barbadós, Mia Mottley, ag COP26 gur "pianbhreith báis a bheadh ann do na hoileáin dá mbeadh árdú dhá chéim." Mar oileánach, mar dhuine óg, mar dhuine a bhfuil an-imní orm faoi thodhchaí ár ndomhan… ba mhaith liom gníomh láithreach bonn a fheiceáil. Tá na réitigh ann ach teastaíonn an toil pholaitiúil agus an brú chun iad a chur i bhfeidhm a theacht láithreach bonn. Ní féidir le gníomhaíocht ar an ngéarchéim aeráide fanacht níos faide.

# Tograí a Maoiníodh Thimpeall na nOileán
# Comhghairdeachas leo siúd a chuir an obair isteach agus a bhain amach a bhfís




*Fuair Thomas Costello maoiniú chun marquee a fháil a bheidh ar fáil le haghaidh imeachtaí agus féilte ar Oileán Árainn Mhór. Go saibhreoidh an tionscadal an saol ar Árainn Mhór. Go n-éirí leis.*

## Is é Joe O'Curraoin ár nOifigeach Tionscadail le haghaidh Oileáin Dhún na nGall. Má tá cónaí ort ar cheann d'Oileáin Dhún na nGall agus go bhfuil aisling agat féin le tabhairt i gcrích, labhair le Joe @ 099 75096 ext 100 nó joe@oileain.ie



*Tionscadal Glampála Noreen agus Jim Muldowney ar Oileán Árainn Mhór. Go n-éirí go geal leo.*

## Deis Maoinithe – Ciste Maoinithe d'Ionaid Pobail
## Meabhrúchán – Sprioc dáta ag teacht aníos 14ú Iúil 2022.





Carn Uí Néid, Co. Chorcaí / Mizen Head, Co. Cork

© Máirín Ní Chonghaile

**Máire Uí Mhaoláin**
POF /CEO, Inis Oírr 099-75096 maire@oileain.ie

**Marian Uí Chonghaile**
Riarthóir Airgeadais / Financial Administrator, Inis Oírr 099-75096 marian@oileain.ie

**Máirín Ní Chonghaile**
Riarthóir Oifige / Office Administrator, Inis Oírr 099-75096 mairin@oileain.ie

**Mary Lavelle**
Oifigeach Forbartha / Development Officer, Inishbofin 099-75096 ext 101 mary@oileain.ie

**Joe Ó Curraoin**
Oifigeach Forbartha / Development Officer, Inis Oírr/Na Forbacha 099-75096 ext 100 joe@oileain.ie

**Jude Gilbert**
Oifigeach Forbartha / Development Officer, Iarthar Chorcaí 099-75096 ext 105 jude@oileain.ie

**Conor MacThaidhg**
Riarthóir Tograí / Project Administrator 099 75096 conor@oileain.ie

**Dáithí Ó Briain**
Riarthóir Tograí / Project Administrator 099 75096 daithi@oileain.ie

**Áine Seoighe**
Oifigeach Áineasa Tuaithe/Rural Recreation Officer 099 75096 aine@oileain.ie

Foilsithe ag / Published by Comhar na nOileán CTR. Inis Oírr, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe, 099 75096

Comhar na nOileán CTR is a Limited Company incorporated under the Companies Act 1963 to 2006 No 448764